




Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

*Tuarascáil Bhliantúil
& Ráitis
Airgeadais*

Coimisiún an
Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean

2016



CLÁR AN ÁBHAIR

Tuarascáil an Choimisiúin	2
Ráitis Airgeadais	3

Ón gCoimisinéir



Cúlra

I ndiaidh thosach feidhme na bhforálacha ábhartha san Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, tháinig deireadh le sainordú infheistíochta an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean an 22 Nollaig 2014 agus ina dhiaidh sin ní raibh ach Coimisinéir amháin i gCoimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Coimisiún”), is é sin Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”). Tá ceanglas reachtúil ar an gCoimisiún a mhéid is indéanta le réasún a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’aistriú aon sócmhainní arna rialú ag dlí eachtrach ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Cúlchiste”) go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn.

Sócmhainní a aistriú

Rinne GBCN luacháil ar Phunann Lánroghnach an Chúlchiste mar €7.1 billiún amhail an 21 Nollaig 2014. Aistríodh na sócmhainní Éireannacha ar fad go huathoibríoch, trí fheidhmiú an dlí, ó Choimisiún an Chúlchiste go GBCN (agus rinneadh sócmhainní an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn díobh dá réir) an 22 Nollaig 2014. Ba shócmhainní a rialaíonn dlí eachtrach an chuid eile de Phunann Lánroghnach an Chúlchiste.

Amhail an 31 Nollaig 2016, aistríodh na sócmhainní eachtracha ar fad, seachas €439,000 d’aiséilimh cánach siarchoinneálaí, go dtí Ciste Infheistíochta Straitéisí Éireann.

Socrúithe Feighlíochta

Feidhmíonn The Bank of New York Mellon mar Fheighlí do shócmhainní eile an Chúlchiste.

Táillí agus Speansais

Tá costais leanúnacha an Chúlchiste ag nialas. Gearrtar aon chostais a bhaineann le haistriú ar an gCiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn.

Díscaoileadh Choimisiún an Chúlchiste

A luaithe is a aistrítear na sócmhainní ar fad go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn, díscaoilfear Coimisiún an Chúlchiste.



Conor O’Kelly

An Coimisinéir

25 Bealtaine 2017



RÁITIS AIRGEADAIS

AN CHÚLCHISTE NÁISIÚNTA PINSEAN

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Clár an Ábhair

	Leathanach
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile	3
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	4
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	5
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	7
Cuntas an Chúlchiste	8

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile

An Coimisinéir

Conor O'Kelly (de bhrí oifige)

An Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Foirgneamh an Státhiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2
D02 XN96

Feighlí Domhanda

The Bank of New York Mellon (“BNYM”)
One Canada Square
London E14 5AL
An Ríocht Aontaithe

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann c.p.t.
1–4 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

Iniúchóir

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 WP44

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin

Éilítear leis an Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 ar an gCoimisiún ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Cúlchiste”).

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, déanann an Coimisiún:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin murar cuí sin a dhéanamh;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis a bhí leis an imeacht ábhartha a lua.

Tá an Coimisiún freagrach as gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil, i cibé foirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais, agus as taifid chuntasaíochta a chothabháil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith suíomh airgeadais an Chúlchiste agus costais riaracháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as na sócmhainní a rialaíonn sé a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

De bhun alt 38(1) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (“Acht GBCN, 2014”), bunaíodh an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn an 22 Nollaig 2014. Rinneadh sócmhainní agus dliteanais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn de shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste ar thosach feidhme Alt 38(2) d’Acht GBCN, 2014, seachas i gcás sócmhainní eachtracha agus dliteanais eachtracha áirithe.

Aistríodh na sócmhainní ar fad a rialaíonn dlí na hÉireann go huathoibríoch ón gCoimisiún go GBCN (agus rinneadh sócmhainní an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn díobh dá réir an 22 Nollaig 2014). Ón dáta sin ní raibh sa Choimisiún ach coimisinéir amháin (Príomhfheidhmeannach GBCN) a n-éilítear air de bhun Acht GBCN, 2014 a mhéid is indéanta le réasún a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’aistriú aon sócmhainní atá fágtha a rialaíonn dlí eachtrach.

Chun críche na ráiteas airgeadas seo, dí-aithníodh na sócmhainní agus dliteanais ar fad a bhí fágtha sa Chúlchiste an 31 Nollaig 2016. Aithnítear na sócmhainní agus dliteanais sin agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn.



Conor O’Kelly, an Coimisinéir
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

8 Bealtaine 2017

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”) bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Tugtar cuntas ar chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Gníomhaireachta thíos:

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Aithnímid an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Ghlacamar céimeanna chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú mar seo a leanas:

- struchtúir chuí rialaithe a bhunú lena mbaineann freagrachtaí bainistíochta a shainmhíntear go soiléir;
- gnáthaimh fhoirmeálta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú chun comhairle a chur orainn faoinár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá próisis bunaithe ag an nGníomhaireacht freisin chun rioscaí gnó a shainaitheint agus a mheas mar seo leanas:

- cineál, méid agus tionchar airgeadais na rioscaí a bhíonn le sárú ag an eagraíocht a shainaitheint;
- an seans go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú a mheasúnú;
- an costas a bhaineann le rialúcháin áirithe a oibriú a mheas i leith an leas a bhaintear as.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn comhaltaí na Gníomhaireachta agus a chuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha;
- spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe infheistíocht chaipitil a shainmhíntear go soiléir;
- smachta foirmiúla bainistíochta tionscadail;
- glacadh le beartas Frith-Chalaoise agus leis an mBeartas um Nochtadh Cosanta agus ‘Éagóiritheoireacht Ábhartha’ a Thuairisciú (an Beartas Tuairiscithe le Meon Macánta roimhe seo).

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Maoirsíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca sin feidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta bonn eolais faoi obair na feidhme iniúchta inmheánaigh, agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach ar an anailís sin. Comhaontaítear na pleananna iniúchta inmheánaigh sin atá bunaithe ar riosca leis an bPríomhfheidhmeannach agus le lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus faomhann Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Gníomhaireachta iad. Ar bhonn rialta, cuireann an fheidhm iniúchta inmheánaigh tuarascálacha faoi ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus Choiste Iniúcháireachta agus Riosca na Gníomhaireachta. Tugtar breac-chuntas sna tuarascálacha sin ar aon torthaí agus moltaí maidir le rialuithe inmheánacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na moltaí agus tuairiscítear don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca í.

Tá Cód Cleachtais ar Rúndacht agus Iompar Gairmiúil ag an nGníomhaireacht ina leagtar síos na caighdeáin chomhaontaithe prionsabal agus cleachtais maidir le rúndacht, coimhlíntí leasa, trádáil chos istigh, cúbláil margaidh agus idirbhearta cuntais phearsanta.

Tá creat cúí i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann sí na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat sin, tá córais agus rialuithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun srian a chur le rochtain ar shonraí rúnda. Faoin gcreat, nuair a chuirtear an Gníomhaireacht ar an eolas faoi shárú nó sárú líomhanta sonraí rúnda, déantar iniúchadh iomlán air agus más gá tuairiscítear do na húdaráis chuí é.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tarraingíonn sé ar obair an lucht bainistíochta sa Gníomhaireacht a bhfuil an fhreagracht orthu as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a bhainistiú, ar thoradh obair na feidhme iniúchta inmheánaigh agus ar ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go ndearna an Coimisiún, i ndiaidh comhairle a fháil ó Choiste Iniúcháireachta agus Riosca na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016.



Conor O'Kelly, an Coimisinéir

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



Martin Murphy, Chairperson, Audit Committee
National Treasury Management Agency

Martin Murphy,

Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017



An tArd-Reachtair e Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. Cuntas an chiste atá sna ráitis airgeadais. Ullmháíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 26 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá sainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair e Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí, caighdeáin de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna sna ráitis airgeadais agus ar na rudaí a nochtadh iontu, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh orthu seo:

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí i gcomhthéacs thosca an Chiste, cé acu a cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nár cuireadh, agus cé acu a nochtadh go himleor iad nó nár nochtadh
- cé chomh réasúnta is atá meastacháin chuntasaíochta shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim freisin le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin lena shainaithint an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ann leis na ráitis airgeadais iniúchta agus lena shainaithint an bhfuil aon fhaisnéis ann a ndealraíonn sé go bhfuil sí mícheart nó neamhréireach go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair mé agus mé i mbun an iniúchta. Má thagaim ar aon mhíshonrú nó neamhréireacht ábhartha fhollasach, pléim na himpleachtaí do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmháíodh i gceart de réir an Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 san fhoirm atá faofa ag an Aire Airgeadais, léargas ceart ar riocht ghnóthaí an Chiste amháil an 31 Nollaig 2016 agus ar a idirbhearta le haghaidh 2016.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta an Choimisiúin le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair ar a dtuairiscím mar eisceacht

Tuairiscím mar eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh an iniúchta, nó

- má thagaim ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- má fhaighim amach nach bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé agus mé i mbun an iniúchta, nó
- mura léirítear sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Coimisiún ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nó
- má fhaighim amach go bhfuil ábhair ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin ar a dtuairiscítear mar eisceacht.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair e Cuntas agus Ciste

12 Bealtaine 2016

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Cuntas an Chúlchiste

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 €m	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 €m
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2016	-	-
Gluaiseachtaí	-	-
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2016	-	-

Ar thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (“Acht GBCN, 2014”), a tharla an 22 Nollaig 2014, rinneadh sócmhainní agus dliteanais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn de shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste (faoi réir fhorálacha Sceideal 4 d’Acht GBCN, 2014, i gcás sócmhainní eachtracha agus dliteanais eachtracha áirithe). Caithfear aistriú sócmhainní eachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí ábhartha. Tá an próiseas sin críochnaithe a bheag nó a mhór, agus níor aistríodh líon beag sócmhainní eachtracha de réir dlí ón gCúlchiste go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn faoin 31 Nollaig 2016.

Dhí-aithnigh Coimisiún an Chúlchiste na sócmhainní ar fad atá fágtha sa Chúlchiste agus aithnítear agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn. Tá aistriú dleathach na sócmhainní eachtracha casta agus tá roinnt sócmhainní eachtracha fós sa Chúlchiste amhail an 31 Nollaig 2016 mar seo a leanas:

	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 €000	Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 €000
Sócmhainní iomlána sa Chúlchiste de réir dlí	439	1,072

Baineann na sócmhainní atá sa Chúlchiste fós amhail an 31 Nollaig 2016 le haiséilimh cánach siarchoinneálaí.

Ba é luach margaidh na sócmhainní atá fós le haistriú de réir dlí chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn amhail an 31 Nollaig 2016 agus €439,000. A luaithe is a aistrítear na sócmhainní ar fad de réir dlí go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn, díscaoilfear Coimisiún an Chúlchiste.



Conor O’Kelly, an Coimisinéir
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

8 Bealtaine 2017